Cás Coscrach

Baí Mr James Duffy[1] ag cur faoi i Séipéal Iosóid[2] de bhrí gur mhian leis cur faoi a fhad agus a d'féadfadh leis ón chathair ar shaoránach é agus de bhrí freisin gur shuarach, mhóiréiseach, nua-aoiseach leis gach uile bhruachbhaile eile Átha Cliath. Baí sé ina chónaí i seantigh stuama agus baí radhairc aige óna fhuinneogaibh aran tsean-drioglann thréigthe síos uaidh nó suas uaidh aran abhainn thanaí a shín chun na farraige agus ar tógadh Baile Átha Cliath uirthi. Ní rabh pictiúr dá laghad ar bhallaibh ardaibh a sheomra ná brat aran urlár. Gach ball troscáin dá rabh sa tseomra, is é féin a cheannaigh é: leaba dubh iarainn, bord níocháin iarainn, cheithre chathair cliath, cnagadán éadaí, buicéad guail, fiondar agus uirlisí tine agus tábla cearnógach ara rabh deasc dhá léibheann. Tógadh seilfeanna adhmaid báin sa chuasán sa chaoi gur fheidhmíodar mar leabhragán. Baí an leaba cóirithe in éadaibh bánaibh agus chlúdaíodh súsa dubh agus flanndearg a bhun. Baí scáthán beag láimhe crochta os cionn an bhord níocháin agus i rith an lae sheasadh lampa go scáthlán mbán leis féin aran mhatal. Leagadh na leabhair arna seilfeanna bána ón bhun aníos de réir toirte. Baí leabhar shaothar iomlán Wordsworth suite ar thaobh amháin den tseilf is ísle agus baí cóip den Teagasc Criostaí Mhaigh Nuad suite aran teilf is airde, é fuaite do chlúdach éadaigh leabhair nótaí. Bhíodh culaith scríbhneoireachta aran deasc i gcónaí. Istigh sa deasc baí aistriúchán lámhscríofa de *Michael Kramer* le Hauptmann,[3] ar scríobhadh na treoracha stáitse la dúch corcra, agus burla duilleog a bhádar ceangailte le chéile la biorán práis. Scríobhtaí abairt sna duilleogaibh seo ó am go chéile agus, ar uair íorónta amháin, greamaíodh ceannteideal fhógra *Bile Beans* aran gcéad-bhile.[4] Scaoiltí cumhra lag nuair a d'osclaítí chlár na deisce - cumhra pheann luaidhe céadair nó bhuidéal guma nó úill ró-aibí a fágadh ann trí dhearmad.

Baí an ghráin ag Mr Duffy ar rud ar bith a chuireadh máchail coirp ná inchinne in iúil. Déarfadh lia meánaoiseach faoi go rabh sé *saturnine*.[5] Léirigh a aghaidh a haois. B'aghaidh í a rabh lí donn sráideanna Átha Cliath uirthi. Ara chionn fada agus sách mór baí gruaig dhonn thur, agus croiméal ciarbhuí, níor chlúdaigh sé a bhéal mígheanúil go hiomlán. Tugadar cnámha a ghrua cuma chadránta ara dhreach; acht ní rabh cadrántacht sna súilibh. An dealramh a chuireadar siúd air agus iad ag amharc amach fona malaibh ciarbhuí, fear a bhaí ag lorg maitheasa ar bith i nádúr daoine eile acht a rabh díomá air go minic. Chaitheadh sé a shaol mar a bheth sé ar foluain achar gairid ar leith óna chorp féin agus é ag faire go hamhrasach i ndiaidh a leicinn ara iompar féin. Baí nós dírbheatháisnéiseach aige cumadh abairtí geara dhó féin faoi féin sa tríú pearsa agus san aimsir chaite. Níor thug déirc do bhacachaibh ríomh agus shiúladh go docht daingean la smíste coill ar iompar aige.

B'airgeadóir la banc priobháideach ar Shráid Bhagóid é lasna blianta. Thógadh sé an dtram do lár an Bhaile ó Shéipéal Íosóid gach maidin. Ag meán lae théadh go caife Dan Burke do chaitheadh a lón – buidéal beorach agus trátaire beag brioscaí *arrowroot*. Aga cheathair a chlog scaoiltí leis. D'itheadh a dhinnéar i dtigh itheagáin ar Shráid Sheoirse, áit ina n-airíodh sé slán sábhaile ó chuideachta ógra saibhir Átha Cliath, agus áit ina mbíodh macántacht thíriúil fon chlár bia. Chaitheadh an n-oíche os comhair phianó bhean an tí nó ag spaisteoireacht ar imeall na cathrach. Mhealladh a dhúil i gceol Mozart go ceoldráma nó go ceolchoirm é ar uairibh: ní rabh de dhrabhlás an tsaoil aige acht sin.

Ní rabh cara, comrádaí ná creideamh aige. Chaitheadh sé a shaol spioradálta gan caidreamh la dóini eile. Thugadh cuairt ar dhoínibh muinteartha leis ar Ló na Nollag agus thionlacadh chun na reilige iad nuair a fhaigheadís bás. Chomhlíonadh an dá dhualgas shoisíaltal seo de ghrá an réitigh acht ní ghéillfeadh orlach ar bith eile do nósannaibh an phobail. Dar leis féin, ghoidfeadh sé óna bhanc féin ar chúinsibh áirithibh, acht ó tharla nár bhuaileadar na cúinsí seo riamh leis, lean a shaol ar aghaidh go deas réidh – scéal gan eachtra.

Oíche amháin, dóbair go rabh sé ina shuí idir bheirt bhan in Amharclann an Gheata. B'olc an tuar an líon beag daoine agus an ciúnas sa tigh. An bhean ina suí in aice leis, caitheann súil timpeall aran dteach leathfholamh uair nó dhó agus deir:

> "Nach é an feall é an líon beag daoine anocht! Tá sé deacair ar dhoínibh canadh do bhinsibh fholmhaibh."

Is éard a léigh sé asan fhocal, cuireadh chun cainte. B'iontas leis laghad a míchompoird. Dein sé iarracht chur de ghlanmheabhair a haghaidhe agus a crutha agus iad ag caint. Nuair a fhionn sé gur iníon léi an cailín óg taobh léi, meas go rabh sí tuairim is bliain níos óige ná é féin. Ní mó ná go rabh sí dathúil tráth, agus d'fhan rian na hintleachta ara haghaidh. B'aghaidh ubhchruthach la ceannaithe snoite í. Bádar súile gorma socra an-dorcha aici. Tugadar na súile a dhushlán ar dtús acht is éard a tháinig salach aran gcuma ládasach seo, leáigh an mac imrisc amach san n-imreasc mar a bheth ag titim i laige d'aon turas do nochtadh meoin íogair tuisceanaigh ar feadh oiread na fríde de nóiméad. Tánaig an mac imric chuige féin go beo go rabh an nádúr leath-nochta fo scáth na críonachta arís, agus a seaicéad olla *Qaraqul*, a theann thar cíocha téagartha, cuir sé lasan gcuma ládasach ar chaoi níos diongbháilte fós.

Buail sé léi arís cúpla seachtain ina dhiaidh sin ag ceolchoirm ar Ardán Phort an Iarla agus rug sé aran bhfaill déanaimh móir léi am ar bith nach rabh a hiníon ag éisteach leo. Dein sí tagairt dá fiur céile uair nó dhó acht ní rabh bagairt ina glór agus í ag tagairt dó. Mrs Sinico ab ainm di. Ba as *Livorno* do shin-seanathair mór a fear céile.[6] Captaen long tráchtála idir Áth Cliath agus an Ísiltír ab é a fear céile; agus baí páiste amháin acu.

Iar gcasadh fo thrí léi dhó, fuair óna mhisneach dhéanamh coinne léi. Táinig sí. Ba thús é sin la neart dálaí; dhéanaidís coinne san oíche i gcónaí agus roghnaídís na ceantair ba chiúine dá siúlóidibh lana chéile. Níor thaitin uisce fo thalamh la Mr Duffy áfach agus ó chonacthas dó gurbh éigean dóibh dul i ndáil a chéile go fáilí, cuir iallach uirthi tabhairt cuiridh dhó dá tigh. Mol an Captaen Sinico na cuairteanna tí, mar síl go n-iarrfadh sé a iníon air mar bhean chéile aige. Baí a bhean chéile díbeartha chomh glan amach as stór a chuid pléisiúr is nár shamhlaigh go dtugadh duine ar bith eile suim inti. De bhrí go mbíodh an fear céile imithe thar sáile go minic agus go mbíodh an iníon imithe dho thabhairt cheacht ceoil, bádar go leor deiseanna ag Mr Duffy la baint suilt as comhluadar na mná uaisle. Ní rabh eachtra dá leithéid aigesean ná aicise riamh roimhe agus níor fhacthas neamhfhreagracht dá laghad do cheachtar díobh. De réir a chéile, ceangail sé a smaointe féin dá smaointibh siúd. Thugadh leabhair ar iasacht di, spreagadh í la smaointí nua agus nochtadh a shaol intleachtach dhi. Thugadh sí cluas do gach a deireadh sé.

Nochtadh sí gné éigin dá saol féin dó mar chúiteamh ara theoiricibh scaití. Spreagadh sí é go geanúil, beagnach mar a spreagadh máthair lana páiste, la ligean glan amach a dhúchais is a mheoin: éirigh sí ina héisteoir faoistine aige. Inis sé dhi gur fhreastal sé ar chruinnithe an Pháirtí Sóisialta in Éirinn ar feadh tréimhse fada, ina bhfeictí é féin dó mar chadhain aonair i measc oibrithe stuama in áiléar fo lampa ola gan mórán feidhme. Nuair a briseadh an páirtí i dtrí, gach ceann díobh lana cheannaire féin agus a áiléar féin, stop sé ag freastal arna cruinnithibh. Bhádar díospóireachtaí na n-oibrithe ró-fhaicheallach, a dúirt sé; chuireadar an iomarca suime i gcúrsaí pá. Meas sé gur réalaithe doscúcha iad agus gurbh olc leo cruinneas, ar thoradh pribhléide é nach rabh tuidheacht acusan uirthi. Ní dóigh, a dúirt sé léi, go mbuaileadh réamhlóid shóisialta ar bith Áth Cliath go ceann roinnt mhaith céadta de bhliantaibh.

Fiafraigh sí dhe cén fáth nár chuir sé a chuid smaointí ar phár. Cad chuige, a fhiafraíos seisean dise la tarcaisne cheansaithe. Chun dula in iomaíocht le fir na bhfocal, nach bhféadfadh leanúint

smaoinimh amháin ar feadh seasca soicind? Chun sheasamh feannta aicme uaisle maoile, dream a chuireas cúram a moráltachta aran bpóilíos agus cúram na míndán ar *impresarios*?

Thugadh sé cuairt ara tigh beag lasmuigh d'Áth Cliath go minic; go minic chaithidís a n-oícheannta eatarthu féin. De réir a chéile, agus a smaointí ag fí lana chéile, labhraídís fo ábharaibh níos giorra dá gcroí. B'ionann cumann na mná seo agus cré bhogthe fo phlanda choimhthíoch. Is iomaí uair a lig sí don dorchadas titim orthu sa tseomra gan lasadh an lampa. Thugadh an seomra ciúin dorcha, an t-uaigneas, an ceol a bhíodh ag gabháil fós ina gcluasaibh, thugaidís la chéile iad in aon mheoin amháin. Ardaigh an t-aontas seo é, bain an ngairge dá nádúr, tug mothúchán dá shaol intleachtach. Scaití thugadh sé fo deara go rabh sé ag tabhairt cluaise dhá ghuth féin. Síl sé go n-éireodh sé go stádas na n-aingeal de réir a measa siúd, agus, de réir mar a cheangal sé aigne dhíograiseach a chompánaigh dhe féin, chuala sé guth fuar aduain a d'aithin sé ara ghuth féin ag seasamh ar uaigneas doleigheasta an anama. Nílimid la tabhairt do dhuine eile, a deireadh an guth: is linn féin sinn. Is é deireadh na gcainteanna seo gur rug sí go paiseanta ara lámh oíche áirithe a rabh gach dealramh corraithe uirthi thar mar ba ghnách léi, gur fháisc lana leiceann í.

Bain sé sin siar go mór as Mr Duffy. Cuir a léamh siúd ara fhocal diomú air. Níor thug sé cuairt uirthi la seachtain, ansin scríobh chuici dho thabhairt chuireadh chun cruinnithe dhi. Toisc nár mhian leis go mbeth a gcoinne deiridh millte aga bhfaoistin millte, buaileadar la chéile i seopa mbeag cáca gar do Gheata na Páirce. Tráthnóna fuair Mhéan Fómhair a bhaí ann acht in ainneoin na fuachta siúladar suas síos bóithre na Páirce ar feadh beagnach trí uaire. Toilíodar beirt briseadh an chumainn: gach nasc idir dhaoine, a dúirt sé, is nasc bróin é. Iar dtuidheacht go bun na Páirce dhóibh, siúladar go tostach gosan dtram; acht ansin táinig crith chomh tréan uirthi gur ceiliúr sé dhi go giorraisc agus imigh. Cúpla lá ina dhiaidh sin fuair sé beartán sa phost lana chuid leabhar agus ceoil.

Chuadar cheithre bliana thart. Fill Mr Duffy ar ghnáthamh stuama a shaoil. Léirigh a sheomra ord agus dea-eagar a inchinne i gcónaí. Salaíodar roinnt píosaí nua ceoil an seastán ceoil sa tseomra thíos agus bádar dhá imleabhar la Nietzche ara sheilfeannaibh: *Mar sin a labhair Zarathustra* agus *An Ghaois Shuairc*.[7] Is annamh a scríobhadh sé ina charn páipéar ara dheasc. Is éard a dúirt ceann dá fhocalaibh, a scríobhadh dhá mhí i ndiaidh a agallamh deiridh la Mrs Sinico, ní féidir grá idir fhir mar tá toirmisc ar chaidreamh collaí agus ní féidir cairdeas idir fhear agus bhean mar ní mór caidreamh collaí. Seachain sé coirmeacha cheoil ar fhaitíos go gcasadh léi. Éag a athair; imigh leas-pháirtí an bhainc. Agus fós théadh sé soir don chathair gach maidin aran tram agus shiúladh abhaile ón chathair gach tráthnóna tar éis béile suaraigh ar Shráid Sheoirse aga léadh sé nuachtán an tráthnóna in áit ithe milseoige.

Tráthnóna amháin, agus greim beag mairteola agus cabáiste á chur ina bhéal aige, stad a lámh. Cónaíodar a shúile ar alt sa pháipéar oíche a theanntaigh sé i gcoinne an chrúiscín uisce. Leag sé an ngreim bia anuas ara phláta agus léigh an n-alt go cúramach. Ansin ól gloine uisce, brúigh a phláta ar leataobh, fill an nuachtán ina leath dá leagan aran mbord fona uilleannachaibh gur léigh arís agus arís eile é. Leath deascán fuair bán geire ara phláta ón chabáiste. Táinig an cailín anonn chuige dho fhiafraí dhe arbh é gur réitíodh a dhinnéar go hamscaí. Deir seisean go rabh an béile go maith agus caith cúpla bolgam le dua. Ansin íoc as agus imigh amach ar an sráid.

Siúl go mear fo spéir choineascrach Mhí na Samhna, agus a mhaide tathagach coill ag bualadh na talún go rialta, corr an *Mail* bánbhuí ag gobadh as póca a chóta mór dúbailte teann. Maolaigh sa tsiúl aran bhóthar uaigneach ó Gheata na Páirce go Séipéal Iosóid. Níor bhuail a mhaide an dtalamh lasan n-oiread gcéanna fórsa agus dein a anáil, a lig sé go stadach mar a bheth ag osnaíl, dein sí gal san n-aer bhfuar. Ar sroicheadh a thí dhó, chuaigh sé suas chuig a sheomra codlata lom díreach gur bain an bpáipéar asa phóca dho léamh na míre arís fo sholas lag na fuinneoige. Níor léigh ós ard í,

acht léigh mar a dhéanadh sagart ag léamh paidreacha rúnda an *Oratorio Secreto*, is é sin léigh sé la corraí tostach na liopaí. Seo an mhír:

BÁS MNÁ AR PHARÁID SYDNEY
CÁS COSCRACH

Dein an Leaschróinéir scrúdú iarbháis ar chorp Mrs Emily Sinico, dá fhichead bliain d’aois, a maraíodh ag Stáisiún Pharáid Sydney oíche aréir. Léirigh an fhianaise gur leag an traein mhall a deich a chloig go Dún Laoghaire, gur leag an mbean go talamh agus í ag trasnú na líne, agus go bhfuair sí bás as gortú dá cloigeann agus dá taobh mar gheall air.

Dúirt James Lennon, tiománaí na traenach, go rabh sé i bhfostaíocht an chomhlacht iarnróid la chúig bliana déag anuas. Iar gcloisteáil fheadóg an gharda traenach dhó chuir sé an dtraein fo shiúl agus stop soicind nó dhó ina dhiaidh sin í nuair a chuala screadadh ard. Bhaí an traein ag gluaiseacht go mall.

Dearbhaigh P. Dunne, giolla stáisiúin gur fhaca bean ag iarraidh dula trasna na línte agus an traein ag dul chun siúil. Rith sé chuici agus chuir béic uirthi, acht, sular tháinig uirthi, buail cosantóir inneall na traenach í, gur thit sí go talamh.

Coisteoir: "Chonaicis ag titim í?"

Finné: "Chonaiceas."

Teistigh Sáirsint na bPóilíní *Croly*[8] go bhfuair an mbean sínte aran talamh gan aithne gan urlabhra de réir dealraimh. Tug sé an gcorp don tseomra feithimh i gcóir an otharchairr.

Luí póilín 57E lasan dteistíocht sin.

Doc. Halpin, leas-mháinlia *City of Dublin Hospital*,[9] tug la fios go rabh dhá easna briste ar an mhnaoi nach maireann agus gur fhulaing sí brú mór dá gualainn dheas. Gortaíodh an dtaobh ndeas dá cloigeann sa tuairt in éadan na talún. Ní thagadh bás as na gortaithibh i gcás gnáthdhuine. Is é a thuairim gur éag sí den gheit agus de chliseadh tobann an chroí.

Dúirt *Mr H. B. Patterson Finlay*, thar cheann an chomhlacht iarnróid, gur mór an trua air fonar tharla. Rinne an comhlacht gach iarracht riamh cosc daoine ar dhul trasna na línte acht amháin ag droicheadaibh, trí chrochadh fógraí i ngach stáisiúin agus trí chur ar fáil luascgheatí paitinne ag crosairibh comhréidhe. Baí sé de nós agan mhnaoi nach maireann siúl trasna na línte ó ardán go hardán i gcoim na hoíche, agus, i ngeall ar thoscaibh áirithibh an cháis, níor dóigh leis gur ar ionadaithibh an iaranróid a bhaí an locht.

Caiptín Sinico as Leoville, Ascaill Pharáid Syndney, fear céille na mná nach maireann, tug fianaise freisin. Dearbhaigh gurbh í a bhean chéile an bhean. Ní rabh in Áth Cliath nuair a tharla an tubaiste mar go rabh sé díreach tagtha i dtír as Rotterdam an mhaidin sin. Baí sé pósta léi le dhá bhliain is fiche anuas, agus baí saol sona acu lana chéile go tuairim is dhá bhliain ó shin, nuair a éirigh a bhean sách ainmheasartha ó thaobh a nósanna dhe.

Sonraigh Miss Mary Sinico go mbíodh nós aga máthair dul amach go déanach san oíche a cheannach alcóil la gairid. Rinne sí iarracht chur céille inti agus chuir ina luí uirthi dul i gcumann.[10] Ní rabh sí sa bhaile go huair tar éis na timpiste. Tug an coiste cúirte breith a chuir la toradh an scrúdaith iarbháis, i. Saor Lennon ó gach milleán.

> Dúirt an Leaschróinéir gur cás coscrach é gan aon agó, agus dúirt lasan gCaiptéan Sinic agus lana iníon nár maith leis a dtrioblóid. Mol sé don chomlacht iarnóid chur ar bun beartas láidir i gcoinne tubaistí eile dá sórt sa todhchaí. Níor lochtaíodh duine ar bith.

Ardaigh Mr Duffy a shúile den pháipéar nuaíochta agus stán amach an fhuinneog ar thírdreach fo sholas spéir dhubhach thús na hoíche. Osa chomhair baí uisce ciúin na habhann fon dhrioglann fholamh agus taibhsigh solas i gcionn dena tithibh ar Bhóthar Leamhcáin ó am go ham. A leithéid de chríoch! Cuir scéal uile a báis déistin air agus b'olc leis gur labhair riamh léi fonaibh rudaibh ba bheannaithe leis. Na habairtí folamha, na focail súchaite comhbhróin, cur síos faichilleach tuaraisceora nuaíochta a cuireadh ina luí air siúd gan nochtadh sonraí lodartha báis suaraigh, chuireadar [uile] fonn múisce air. Ní hamháin gur mhaslaigh sí í féin; mhaslaigh eiseann chomh maith. Chonacthas réim bhrocach a duáilce dhó, bocht agus bréan. A anamchara! Smaoinigh arna hainniseoiríbh bacachaibh a chonaic sé ag iompar cannaí agus buidéal don fhior beáir a líonadh. A Dhia na glóire, a leithéid de chríoch. Ba léir nach rabh sé de mhianach inti tabhairt fon saol, nach rabh misneach dá laghad aici, gurbh fhurasta a cur i ngreim agan drabhlás, gur cheann dena fothrachaibh í ar ar tógadh an sochaí. Acht cén chaoi a d'fhéadfadh sí a hísliú féin don phointe sin? Arbh é gur chuir sé dallach dubh air féin ar fad fúithi? Cuimhnigh ara racht macnais an oíche sin, agus bain tuairm níos déine as ná mar a bhain riamh. Níor mhíthrócaireach leis ar chor ar bith anois an beart a rinne sé.

La dorchú an tseomra agus la fánaíocht a smaointe tharan n-am do chuaigh thart, síl sé gur teagmhaigh a lámh siúd lana lámhsa. An gheit a bhain a ghoile dhe, baí sí ag goilleadh ara intinn anois. Cuir sé a chóta mór agus a hata air go tapaigh agus chuaigh amach. Buail an t-aer fuar leis aran tairseach; snámh suas muinchillí a chóta. Nuair a tháinig sé a fhad lasan dteach tábhairne ar Dhroichead Shéipéal Iosóid, chuaigh isteach dho iarradh puinse te.

Freastail fear an tsiopa go lústrach air acht níor thriall cur cainte air. Bádar cúigear nó seisear fhear oibre sa tigh ag cur luacha eastáit fir uasail i gContae Chill Dara tre chéile. Óladar anois is arís asa dtimbléaraibh ábhalaibh agus caitheadar tobac. Caitheadar seilí aran n-urlár go minic agus scaití tarraingíodar min sáibh thara seile lana mbróga troma. Fan Mr Duffy ina shuí ara stól agus stán orthu, gan a bhfeiceáil ná a gcloisteáil. Imíodar tar éis tamaill, agus iarr sé puins eile. Crom osa chionn gan a bhlaiseadh. Baí an teach an-chiúin. Fan fear an tí cromtha go marbhánta aran chuntar ag léamh an *Herald* agus ag méanfach. Baí tram la cloisteáil anois is arís ag siosarnach suas an bhóthair uaignigh lasmuigh.

Agus é ansin ag meabhrú siar ara shaol ina comhluadar agus aran dá shamhail a mhair di anois aige, tuig go rabh sí marbh, nach rabh sí ann níos mó, nach rabh fágtha dhi acht cuimhne. Éirigh míshuaimhneach. Ní fheadair céard eile a d’fhéadadh déanamh. Ní fhéadfadh leanúint lasan gcur i gcéill n-amaideach léi; ní fhéadfadh dul amach go hoscailte léi. Do bheartaigh mar ba chóra leis. Cén cháineadh a bhaí tuillte aige? Anois agus í imithe tuig sé a uaigní is a bhaí a saol – ina suí ina haonar oíche i ndiaidh oíche sa tseomra sin. Bheadh saol uaigneach aigesean chomh maith, go bhfaigheadh féin bás, go nach mbeth ann, go nach mbeth fágtha dhe acht cuimhne, dá mbeth cuimhne ag duine ar bith air.

Baí sé tar éis a naoi a chlog nuair a fhág sé an siopa. Baí an oíche fuar agus gruama. Chuaigh sé sa bPáirc tresan gcéad-gheata, gur siúl fona crainn loma. Siúl suas cosáin feidheartha ar shiúladar ceithre bliana roimhe sin. Taibhsíodh dhó go rabh sí in aice leis sa dorchadas. Ar uairibh síl gur airigh a guth ara chluais, gur teagmhaigh a lámh lana lámhsa. Stop do éisteach. Cad chuige ar cheil sé a beo uirthi; cén fáth ar dhaor chun báis í? Baí a fhealsúnacht mhorálta ag titim óna céile.

Iar mbaint barr *Magazine Hill* amach dhó,[11] stop do bhreathnú síos an abhainn i treo Átha Cliath, gona soilsibh a lonraíodar solas fáilteach i leith na deirge aran n-oíche bhfuar. Féach síos fána an

chnoic agus, aga bhun, fo scáth bhalla na Páirce, chonaic fíortha daoine ina luí aran talamh. Cuireadar na caidrimh shocheannaithe ós íseal seo in éadóchas é ar fad. Ba bheag air fíréantacht a shaol; facthas dó gur díbríodh as féasta an tsaoil é. Do thug neach daonna amháin grá dhó agus do cheil seisean saol agus sonas uirthi: dhaor chuna míchlú í: bás náireach. Tuig sé go rabhadar na fíortha faona fon bhalla á bhreathnú agus gur mhaith leo go n-imíodh sé leis. Níor theastaigh sé ó aon duine, baí sé ina dhíbeartach ó fhleá an tsaoil. Bain sé a shúile dhíobh siúd fon bhalla gur fhéach i dtreo na habhann glioscarnaí, a shnigh i dtreo Átha Cliath. Tharsan n-abhainn chonaic sé traein earraí ag sní as *Kingsbridge Station*[12] mar a bheth péist la ceann tintrí ag snámh tresan ndorchadas ann, go dúr dícheallach. Imigh go mall as radharc; acht cloiseann sé gnúsacht saothrach a hinnill ag rá siollaí a hainm arís is arís eile.

Casann sé ara ais, agus dordán an innill ag athfhuaimniú ina chluasaibh. Tagann amhras air fona chuimhnibh cinn. Stopann fo chrunn agus ligean don rithim síothlú. Ní mhothaíonn sé í sa dorchadas. Fanann sé roinnt mhaith nóiméad ag éisteach. Ní chloiseann aon ní: baí an oíche chomh ciúin lasan mbás, éist arís: dada. Baí sé ina chadhan aonraic.

1 ***Duffy:*** Ó Dubhthaigh – Dubhthach sa tuiseal ginideach (as Mac Dubhthaigh). Leasainm do dhuine le gruaig dhonn is ciall leis. (https://en.wikipedia.org/wiki/Duffy_(surname)). É sin nó is Anglú de Mhac Dubhshith é (dubh + síth) (http://www.surnamedb.com/Surname/Duffy). Is é is dócha gurb é Dubhthach an bunleagan áfach, agus ní Dubhshíth, mar faightear roinnt samplaí de Dhubhthach, mar shampla Dubthach Dóeltenga sa Rúraíocht.

2 **Séipéal Íosóid:** *Chapelizod* an Anglú aran logainm. Tógann an áit a hainm asan tséipéal do tógadh in onóir Ísóid *(Izold/Esyllt/Iseult/Isolde)* ón fhinnscéal thragóideach faoi ghrá Tristan agus Izold. Deirtear gurbh asan áit seo dhi.

3 ***Michael Kramer* le *Hauptmann:*** Dráma Gearmánach (1900). Mac an phríomhcharactair, cureann sé lámh ina bhás féin. Tugann a athair faoi deara gur theip sé ar a mhac agus nár thug dóthain grá dhó.

4 ***Bile Beans:*** cógas leighis do bhíodh an-díol air. Táinig sé i bhfios an phobail ó 1903 i leith go raibh rath an táirge bunaithe ar bhréag: bhí sé déanta as ábharaibh do bhíodar la fáil go coitiannta i gcógaslannaibh agan am, agus ní as planda nach eolas ag duine ar bith eile acht bundúchasaigh na hAstráile air do d'aimsigh poitigéar (bréagach) darb ainm Charles Ford, mar do mhaígh an comhlacht. In ainneoin na conspóide sin, lean rath an chomhlachta go lár na mblianta 1980, a bhuíochas gan dabht l feachtas láidir fógraíochta sna pápéaraibh nuachta.

5 ***Saturnine:*** dúnárasach, fuarchúiseach, gruama. Ceann de lionntaibh na fola, bunaithe aran phlainéad Satairn.

6 ***Livorno:*** Cathair bheag mhara in iarthuaisceart na hIodáile. *Leghorn* an t-ainm uirthi as Anglais.

7 ***Mar sin a labhair Zarathustra* agus *An Ghaois Shuairc:*** *Also sprach Zarathustra [:Ein Buch für Alle und Keinen]* agus *Die fröhliche Wissenschaft* le Friedrich Wilhelm Nietzsche (1844 –1900).

8 ***Croly:*** Ó Cruadhlaoich, as Mac Cruadhlaoich (Cruadh/crua + laoch)

9 ***City of Dublin Hospital:*** sean-ospidéal ar Shráid Bhagóid Uachtarach. Is ionad teiripe anois é.

10 **dul isteach i gcumann:** bhí staonadh ón ól ina phrionsabal lárnach ag formhór na gcumann carthanachta agan am. Níor mhór do dhaoinibh nuaibh thabhairt móide.

11 ***Magazine Hill:*** cnoc Dhún na hArmlainne

12 ***Kingsbridge Station:*** Stáisiún Heuston